



An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2015
(OR. en)

11985/15

CORDROGUE 70
SAN 279

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	DS 10371/1/15 REV 1
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí 2013-2016 a chur chun feidhme i ndáil le híoschaighdeán cháilíochta i laghdú an éilimh ar dhruaí san Aontas Eorpach

Thíos faoi seo gheobhaidh na toscaireachtaí na Conclúidí thuasluaite ón gComhairle, a d'fhorhnuigh an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 14 Meán Fómhair 2015.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí
2013-2016 a chur chun feidhme i ndáil le híoschaighdeáin cháilíochta i laghdú an éilimh
ar dhruaí san Aontas Eorpach**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

AG TABHAIRT DÁ HAIRE AN MÉID SEO A LEANAS:

- tá difríochtaí ann i measc na mBallstát maidir le cáilíocht na n-idirghabhálacha agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil chun an t-éileamh ar dhruaí a laghdú agus ba inmhianaithe íoschaighdeáin cháilíochta i laghdú an éilimh ar dhruaí san Aontas d'fhonn na bearnaí idir na cleachtais atá ann faoi láthair a shárú agus an leibhéal foriomlán cáilíochta a ardú;
- mar thoradh ar an taithí a fuarthas agus ar an taighde a rinneadh ar feadh na mblianta, tá dóthain fianaise bailithe san Eoraip maidir lena héifeachtaí atá na hidirghabhálacha éagsúla a úsáidtear chun an t-éileamh ar dhruaí a laghdú le go mbeifear in ann teacht ar chomhaontú maidir le tacar íoschaighdeán cáilíochta ar leibhéal an Aontais;
- le híoschaighdeáin cháilíochta a chur chun feidhme, féadfar cur le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gclár lena gcuirtear cosc ar dhruaí agus na seirbhísí chun dochar a laghdú, agus freisin le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na cóireála drugaí agus an athshlánaithe;
- leis an staid bhuiséadach atá ann faoi láthair, éilítear ar chinnteoirí cúram sláinte atá inbhuanaithe a bhaint amach agus ag an am céanna leibhéal ard cáilíochta, inrochtaineachta agus cumhdaigh maidir le bearta éagsúlaithe chun an t-éileamh ar dhruaí a laghdú á áirithiú acu;
- is é is cuspóir leis na Conclúidí seo ón gComhairle tacú leis na Ballstáit an dea-chleachtas agus bealaí cur chuige atá comhordaithe agus ar ardcháilíocht a dhaingniú in iarrachtaí an t-éileamh ar dhruaí a laghdú agus ní iarraidh ar reachtaíocht nua de chuid an Aontais iad.

AG MEABHRÚ DI AN MÉID SEO A LEANAS:

- áiritheofar leibhéal ard cosanta do shláinte an duine faoi Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le beartais agus le gníomhaíochtaí uile an Aontais a shainiú agus a chur chun feidhme, agus le gníomhaíocht an Aontais lena gcomhlánófar na beartais náisiúnta díreofar ar an tsláinte phoiblí a fheabhsú agus freisin ar an gcomhar a spreagadh idir na Ballstáit i réimse na sláinte poiblí agus, i gcás inarb iomchuí, ar thacú lena ngníomhaíochtaí, agus urramófar go hiomlán freagrachtaí na mBallstát maidir lena mbeartas sláinte a shainiú agus maidir le seirbhísí sláinte agus le cúram leighis a eagrú agus a chur ar fáil;
- Straitéis an Aontais maidir le Drugaí 2013-2020, lena n-iarrtar go ndéanfar caighdeán cháilíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le cosc (timpeallachta, uilíoch, roghnaitheach agus léirithe), le luathbhrath agus le hidirghabháil, le laghdú baoil agus dochair, le cóireáil, le hathshlánú, le hath-imeascadh sóisialta agus maidir le téarnamh;
- gníomh 9 de Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí 2013-2016, lena bhforbraítear gníomh den chineál céanna ó Phlean Gníomhaíochta maidir le Drugaí 2009-2012 agus lena n-iarrtar ar an gComhairle, ar an Meitheal Chothrománach maidir le Drugaí, ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar EMCDDA teacht ar chomhaontú maidir le híoschaighdeán cháilíochta don Aontas a chabhróidh leis an mbearna idir eolaíocht agus cleachtas a shárú agus tús a chur lena gcur chun feidhme maidir le: (a) bearta i ndáil le cosc timpeallachta, le cosc uilíoch, le cosc roghnaitheach agus le cosc léirithe; (b) le bearta i ndáil le luathbhrath agus le hidirghabháil; (c) le bearta i ndáil le baol agus le dochar a laghdú; agus (d) le bearta i ndáil le cóireáil, le hathshlánú, le hath-imeascadh agus le téarnamh;
- na moltaí ón bhFóram de Shochaí Shibhialta maidir le Drugaí i mí na Nollag 2014, lenar iarradh go nglacfaí íoschaighdeán cháilíochta don Eoraip agus go ndéanfaí iad a chur chun feidhme de réir a chéile agus cistiú leordhóthanach á chur ar fáil mar thacaíocht chuige sin;
- na torthaí ar thionscadail amhail Staidéar ar Fhorbairt Chreata AE maidir le híoschaighdeán agus le tagarmharcanna i laghdú an éilimh ar dhruaí (EQUUS) agus Caighdeán Eorpacha Cháilíochta maidir le Drugaí a Chosc (EDPQS), agus an taithí phraiticiúil a fuarthas agus an fhianaise a bailíodh trí Thairseach Dea-Chleachtais EMCDDA;

- na torthaí ar an gcomhdháil maidir le híoschaighdeáin cháilíochta a réachtáil an Coimisiún Eorpach i mí Iúil 2011 agus na torthaí ar an gcomhairliúchán poiblí maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún "Chun go mbeidh an Eoraip in ann freagairt níos fearr a thabhairt ar dhruaí", lena dtacaítear le híoschaighdeáin cháilíochta don Eoraip a bhunú.

LEAGANN SÍ AMACH na híoschaighdeáin cháilíochta seo a leanas don Aontas chun an t-éileamh ar dhruaí a laghdú, i réimsí an choisc, an laghdaithe baoil agus dochair, agus na cóireála agus an athshlánaithe, d'fhonn tacú le cur chuige cainníochtúil in idirghabhálacha chun an t-éileamh ar dhruaí a laghdú san Aontas agus an cur chuige sin a chur chun cinn:

I. Cosc

- Le hidirghabhálacha i ndáil le cosc (timpeallachta, uilíoch, roghnaitheach agus léirithe) díritear ar an bpobal i gcoitinne, ar phobail a bhfuil an baol ann go mbuailfeadh fadhbanna maidir le húsáid substaintí iad, nó ar phobail/ar dhaoine aonair a bhfuil fadhb shainaitheanta acu. D'fhéadfaí iad a dhíriú ar úsáid drugaí, ar ghéarú na húsáide sin, agus/nó ar na hiarmhairtí diúltacha a bhíonn le húsáid drugaí ar an bpobal i gcoitinne agus/nó ar fhophobail a chosc, a mhoilliú nó a laghdú, tá siad bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais an spriocphobail agus cuirtear in oiriúint do na riachtanais sin iad;
- Maidir le lucht forbartha na n-idirghabhálacha coisc, tá inniúlachtaí agus saineolas acu i ndáil le prionsabail, le teoiricí agus le cleachtas an choisc, agus is gairmithe oilte agus/nó speisialaithe iad a mbíonn tacaíocht acu ó fhorais phoiblí (an t-oideachas, an tsláinte agus seirbhísí sóisialta) agus oibríonn siad d'fhorais creidiúnaithe nó aitheanta nó d'ENRanna creidiúnaithe nó aitheanta;
- Maidir leo siúd a chuireann na hidirghabhálacha coisc chun feidhme, tá rochtain acu ar na cláir sin atá bunaithe ar shonraí agus atá ar fáil agus/nó ar na critéir cháilíochta atá ar fáil ar an leibhéal áitiúil, naiseúnta agus idirnáisiúnta, agus bíonn siad ag brath ar na cláir agus ar na critéir cháilíochta sin;
- Is cuid de phlean fadtéarmach agus comhleanúnach i ndáil le cosc iad idirghabhálacha coisc, déantar faireachán iomchuí orthu ar bhonn leanúnach le go mbítear in ann na hathruithe is gá a dhéanamh, agus déantar iad a mheasúnú agus torthaí an mheasúnaithe a scaipeadh d'fhonn foghlaim ó thaithí nua.

II. Baol agus dochar a laghdú

- a. Maidir le bearta chun baol agus dochar a laghdú, lena n-áirítear bearta a bhaineann le galair thógálacha agus le básanna a bhaineann le drugaí, ach gan a bheith teoranta dóibh, tá spriocanna réalaíocha leo, tá teacht orthu go forleathan, agus cuirtear in oiriúint do riachtanais na spriocphobal iad;
- b. Cuirtear idirghabhálacha iomchuí, faisnéis iomchuí agus atreoraithe iomchuí ar fáil de réir saintréithe úsáideoirí seirbhíse agus de réir a riachtanas, beag beann ar a stádas cóireála;
- c. Cuirtear idirghabhálacha ar fáil dóibh siúd go léir atá i ngátar, lena n-áirítear i gcásanna ardriosca agus i dtimpeallachtaí ardriosca;
- d. Tá idirghabhálacha bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch agus ar an taithí eolaíoch atá ar fáil agus is foireann cáilithe agus/nó oilte (lena n-áirítear oibrithe deonacha) a chuireann ar fáil iad, ar foireann í a thugann faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

III. Cóireáil, lánpháirtíú sóisialta agus athshlánú

- a. Déantar cóireáil iomchuí atá bunaithe ar shonraí a chur in oiriúint do shaintréithe agus do riachtanais úsáideoirí seirbhíse agus urramaítear leis an gcóireáil sin dínit agus freagracht an duine aonair agus freisin a thoilteanaí atá sé athrú;
- b. Tá rochtain ar chóireáil ar fáil dóibh siúd go léir atá i ngátar, arna iarraidh sin, agus ní dhéantar í a theorannú ar bhonn saintréithe pearsanta nó sóisialta ná ar bhonn cúinsí pearsanta nó sóisialta, ná de bharr easpa acmhainní airgeadais a bheith ar úsáideoirí na seirbhíse. Cuirtear cóireáil ar fáil in am réasúnach agus i gcomhthéacs leanúnachas an chúraim;
- c. Le hidirghabhálacha a bhaineann le cóireáil agus le lánpháirtíocht shóisialta, leagtar amach spriocanna céim ar chéim agus déantar iad a athbhreithniú ó am go chéile, agus déileáiltear go hiomchuí le hathiompaithe a d'fhéadfadh a bheith ann;

- d. Tá idirghabhálacha a bhaineann le cóireáil agus le lánpháirtíocht sóisialta bunaithe ar thoiliú eolasach, tá siad dírithe ar othair, agus tacaíonn siad le hothair a chumasú;
- e. Is speisialtóirí cáilithe agus foireann oilte a thugann faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chuireann an chóireáil ar fáil;
- f. Comhtháthaítear idirghabhálacha cóireála agus seirbhísí cóireála laistigh de chontanam cúraim lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, seirbhísí le haghaidh tacaíocht sóisialta (oideachas, tithíocht, gairmoiliúint agus leas) lena ndírítear ar lánpháirtíocht sóisialta an duine;
- g. Le seirbhísí cóireála déantar tástálacha deonacha chun féachaint an ann do ghalair thógálacha a iompraítear san fhuil, comhairleoireacht maidir le hiompar contúirteach a sheachaint agus cúnamh chun déileáil le tinnis a chur ar fáil;
- h. Déantar faireachán ar sheirbhísí cóireála agus tá gníomhaíochtaí agus torthaí faoi réir measúnú inmheánach rialta agus/nó faoi réir measúnú seachtrach rialta.

CUIREANN SÍ BÉIM AR AN MÉID SEO A LEANAS:

- ní mór d'íoschaighdeáin cháilíochta don Aontas i laghdú an éilimh ar dhrugaí prionsabail eiticiúla, cearta an duine, rúndacht agus saintréithe cultúrtha agus saintréithe sóisialta, lena n-áirítear saincheistanna a bhaineann le hinscne agus éagothroime sláinte, a urramú;
- ba cheart na hidirghabhálacha lena gcuirtear na caighdeáin sin chun feidhme a cheapadh i gceart agus ba cheart faireachán cuí agus measúnú cuí a dhéanamh orthu;
- ba cheart na hidirghabhálacha lena gcuirtear na caighdeáin sin chun feidhme a bhunú ar mheasúnú ar riachtanais agus ba cheart iad a chur in oiriúint do riachtanais an spriocphobail;
- ba cheart go mbeadh na caighdeáin sin mar thagarmharc íosta cáilíochta agus, dá bhrí sin, i gcás inar féidir, níor cheart go gcuirfí teorainn, lena gcur chun feidhme, le caighdeáin i laghdú an éilimh ar dhrugaí a bheadh ar cháilíocht níos airde agus a bheadh níos uileghabhálaí a chur chun feidhme;

- ba cheart go ndéanfaí na caighdeáin sin a chur chun feidhme de réir a chéile trí phróiseas lena ndíreofaí ar na seirbhísí, ar na cláir agus ar na córais atá ann faoi láthair a oiriúnú;
- agus na caighdeáin sin á n-oiriúnú agus á gcur chun feidhme, ba cheart go n-urramófaí go hiomlán freagrachtaí na mBallstát maidir lena mbeartas sláinte a shainiú agus maidir lena seirbhísí sláinte agus lena gcúram sláinte a eagrú, agus ag an am céanna malartú dea-chleachtais agus iarrachtaí comhphárteacha maidir le cur chun feidhme á spreagadh ar leibhéal an Aontais;
- cé nár cheart go gcuirfí bac le haon cheann de na caighdeáin sin ar idirghabhálacha nuálacha ná ar chláir nuálacha a thabhairt isteach, ba cheart go ndéanfaí idirghabhálacha nuacheaptha a bhunú ar na teoiricí, ar an bhfianaise, ar na cleachtais agus/nó ar na próisis chaighdeánaithe atá ar fáil, ba cheart go ndéanfaí faireachán ceart agus measúnú ceart orthu, agus ba cheart freisin go scaipfí na torthaí d'fhonn foghlaim ó thaithí nua.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

- idirghabhálacha agus cláir a phleanáil agus tacú leis na hidirghabhálacha agus leis na cláir sin chun an t-éileamh ar dhrugaí a laghdú i gcomhréir leis na caighdeáin sin agus infheistíocht a dhéanamh maidir leis an bhfaireachán agus leis an measúnú, mar aon leis na torthaí a scaipeadh d'fhonn foghlaim ó thaithí nua;
- oiliúint a chur ar fáil, i gcás inar gá, do chleachtóirí agus d'fhorbróirí maidir leis an éileamh ar dhrugaí a laghdú i gcomhréir leis na caighdeáin sin;
- dul i mbun comhair idir-aireachta chun tacú leis na caighdeáin sin a chur chun feidhme;
- páirt a thabhairt don tsochaí shibhialta maidir leis na caighdeáin sin a chur chun feidhme, lena n-airítear i bpleanáil, i dtabhairt isteach, i bhfaireachán agus i measúnú, agus freisin i scaipeadh na dtorthaí d'fhonn foghlaim ó thaithí nua.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

- féachaint an bhféadfaí tacaíocht airgeadais a thabhairt do thionscadail agus do chlár ón gcreat ilbhliantúil airgeadais atá ann faoi láthair, ar tionscadail agus clár iad lena gcuirtear chun cinn malartú dea-chleachtas maidir leis na caighdeáin sin a chur chun feidhme;
- scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir leis na caighdeáin sin a chur chun feidhme, mar chuid den athbhreithniú rialta a dhéanann sé ar chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí, atá le hullmhú ar bhonn ionchur a chuirfidh na Ballstáit agus EMCDDA ar fáil, lena n-áirítear, i gcás inar féidir agus i gcás ina bhfuil a leithéid ar fáil, sonraí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile amhail Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

IARRANN SÍ ar EMCDDA an méid seo a leanas a dhéanamh:

- leanúint d'fhianaise a bhailiú maidir le hidirghabhálacha éifeachtacha agus le seirbhísí éifeachtacha chun an t-éileamh ar dhrugaí a laghdú agus tacaíocht theicniúil agus saineolas teicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit maidir leis na caighdeáin sin a chur chun feidhme, i gcomhréir leis na hacmhainní agus leis an bhfaisnéis atá ar fáil ó na Ballstáit;
- faisnéis maidir le híoschaighdeáin cháilíochta don Aontas a chur san áireamh ina thuairisciú bliantúil, agus úsáid á baint as na huirlisí atá ann faoi láthair.

IARRANN sí go ndéanfar an dul chun cinn a dhéantar sa réimse seo ar leibhéal an Aontais a mheasúnú ar bhonn measúnuithe ón gCoimisiún agus in am don mheasúnú críochnaitheach ar Straitéis an Aontais maidir le Drugaí 2013-2020;

DÉANANN SÍ MACHNAMH ar an ngá atá le tuilleadh mionleasaithe ar na híoschaighdeáin cháilíochta don Aontas tar éis an mheasúnaithe sin.